# CEISTNEOIR DON CHOIMISINÉIR AINMNITHE

## Andrius KUBILIUS

## Cosaint agus Spás

**1. Inniúlacht ghinearálta, tiomantas don Eoraip agus neamhspleáchas pearsanta**

*Cad iad na gnéithe de do chuid cáilíochtaí agus de do thaithí phearsanta atá thar a bheith ábhartha chun go bhféadfá dul i gceann poist mar Choimisinéir agus chun go bhféadfá leas ginearálta na hEorpa a chur chun cinn, go háirithe sa réimse a mbeifeá freagrach as? Conas a rannchuideoidh tú le treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin a chur chun feidhme? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú inscne chun feidhme agus conas a chomhtháthóidh tú gné na hinscne i ngach réimse beartais de do shainchúraimí? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú na hóige chun feidhme?*

*Cad iad na ráthaíochtaí neamhspleáchais atá tú in ann a thabhairt don Pharlaimint, agus cén chaoi a gcinnteofá nach ndéanfadh aon ghníomhaíocht a rinne tú roimhe seo, atá ar siúl anois agat nó a bheidh ar siúl amach anseo agat, an bonn a bhaint ón tslí a gcomhlíonfaidh tú do chuid dualgas sa Choimisiún?*

Tá mo shaol tiomanta don pholaitíocht agus don leas coiteann a chur chun cinn le breis agus 30 bliain anuas. Is ó réimse acadúil na fisice a tháinig mé isteach sa pholaitíocht in 1988, le linn thréimhse thonn na ‘Sąjūdis’ agus streachailt shíochánta mhuintir na Liotuáine chun saoirse a fháil ar ais tar éis 50 bliain d’fhorghabháil an Aontais Shóivéadaigh. Tá go leor de mo luachanna fréamhaithe san am sin, is é sin in am na ‘Sąjūdis’, ar lena linn a atógáladh stát na Liotuáine agus a filleadh ar theaghlach na ndaonlathas Eorpach. Le linn mo chuid oibre ar fad sa pholaitíocht, Eorpach go smior a bhí ionam i gcónaí. Sampla de mhíorúilt stairiúil is ea ballraíocht na Liotuáine san Aontas Eorpach agus in ECAT – chuidigh an bhallraíocht sin leis an neamhspleáchas a dhaingniú agus le deiseanna a chruthú chun go n-éireodh go maith leis an tír ó thaobh na heacnamaíochta agus na sochaí de. Dá bhrí sin, creidim sa chumhacht chlaochlaitheach nach bhfacthas a leithéid roimhe a bhaineann le ballraíocht a ghlacadh san Aontas agus in ECAT, rud is féidir a dhéanamh arís in áiteanna eile san Eoraip.

Le linn mo ghairme polaitiúla, bhí poist cheannaireachta polaitiúla éagsúla agam, rud a chuir ar mo chumas dom réimse saibhir eolais, taithí agus scileanna a charnadh. Bhí mé i mo Phríomh-Aire ar an Liotuáin faoi dhó (1999-2000 agus 2008-2012). Den chéad uair, tráth a raibh ar mo thír aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim mhór eacnamaíoch (mar gheall ar ghéarchéim eacnamaíoch na Rúise in 1998), agus den dara huair, le linn na géarchéime airgeadais domhanda in 2008-2012. Trí athchóirithe agus athstruchtúrú nach raibh tóir orthu ach a raibh gá leo, chomh maith le cúnamh éifeachtach ón Aontas, d’éirigh le mo Rialtais na géarchéimeanna sin a shárú go rathúil.

Ó fhíorthús Réabhlóid Maidan, tá iarracht mhór déanta agam tacaíocht idirnáisiúnta don Úcráin a chomhdhlúthú. In 2022 thionscain mé an líonra parlaiminteach domhanda ‘United for Ukraine’ (U4U), lena dtugtar tacaíocht, ar an leibhéal domhanda, do chúis na hÚcráine. Mar a thug Ursula von der Leyen, Uachtarán toghaí an Choimisiúin, dá haire ina Treoirlínte Polaitiúla, ‘is é infheistíocht a dhéanamh i slándáil na hÚcráine an infheistíocht is fearr i slándáil na hEorpa’. Ar an taobh eile, ní mór don Aontas a bheith réidh freisin le haghaidh ‘na dteagmhas míleata is measa’ (dá dtagraítear sa Litir Mhisin a cuireadh chugam). Chuige sin, is éard atá ag teastáil uainn ‘leasú ó bhonn sistéamach ar chosaint na hEorpa’ (Ursula von der Leyen, GLOBSEC, 30.8.24).

Mar gheall ar chogadh na Rúise in aghaidh na hÚcráine, táimid ag tabhairt aghaidh ar an ngéarchéim slándála is measa ar mhór-roinn na hEorpa ó bhí an Dara Cogadh Domhanda ann. Tugann an ghéarchéim deis dúinn. Mar a dúirt Jean Monet in 1957, déanfar an Eoraip a mhúnlú i ngéarchéimeanna agus is éard a bheidh inti iomlán na réiteach a ghlacfar i gcás na ngéarchéimeanna sin. Mar a chuirtear in iúl sna Treoirlínte Polaitiúla – chun teacht as an ngéarchéim slándála atá ann faoi láthair ní mór dúinn an tAontas Eorpach um Chosaint a thabhairt ar an bhfód.

Dá bhrí sin, is é an fhreagracht a bheidh orm, i ndlúthchomhar leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán, agus faoi threoir an Leas-Uachtaráin Feidhmiúcháin um Cheannasacht Teicneolaíochta, Slándáil agus Daonlathas, dálaí a chruthú

don tionscal Cosanta agus Spáis chun go leor de na hacmhainní is gá a sholáthar ionas gur féidir an ré nua seo a bhaint amach. In éineacht leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán, cuirfimid Páipéar Bán maidir le Todhchaí Chosaint na hEorpa i láthair go comhpháirteach sa chéad 100 lá den sainordú. Leagfar amach sa Pháipéar Bán sin an cur chuige nua maidir le ról an Aontais i réimse na cosanta, sainaithneofar ann ár riachtanais infheistíochta agus an bealach chun fíor-Aontas Eorpach um Chosaint a thógáil.

I mo chuid oibre, déanfaidh mé mo dhícheall príomhshruthú inscne a chur chun feidhme sa bheartas cosanta agus spáis. Déanfaidh mé mo dhícheall mar Choimisinéir, má dheimhnítear m'ainmniúchán, rannchuidiú le tionscnaimh an Choimisiúin maidir le comhionannas inscne, go háirithe leis an Straitéis nua um Chomhionannas Inscne tar éis 2025.

Leanfaidh mé an treo maidir leis an aos óg atá sna Treoirlínte Polaitiúla i mo ghníomhaíochtaí uile mar Choimisinéir, cuir i gcás, san eagrú agus i mo rannpháirtíocht phearsanta sa chéad Idirphlé Beartais bliantúil leis an Aos Óg maidir leis an gCosaint agus an Spás, agus déanfaidh mé iarracht a bheith rannpháirteach go bliantúil. Tugann daoine óga tús áite don tsíocháin agus don tslándáil idirnáisiúnta mar phríomhábhair imní. Agus beartais laistigh de mo shainchúraimí á múnlú agam, déanfaidh mé an t-aiseolas ó dhaoine óga a mheas.

Tá ceannaireacht fhreagrach agus ardchaighdeáin trédhearcachta, iompair agus eitice polaiteoirí ríthábhachtach. Rinne mé iarracht a bheith oscailte i gcónaí, bhí rochtain ag an bpobal ar mo dhearbhuithe leasanna agus foilseoidh Parlaimint na hEorpa an dearbhú leasanna a bhaineann le mo cheapachán mar Choimisinéir freisin.

Maidir le neamhspleáchas, trédhearcacht, neamhchlaontacht agus infhaighteacht, leanfaidh mé fuarlitir agus éirim Chonarthaí an Aontais, comhlíonfaidh mé gan teip oibleagáid na rúndachta gairmiúla mar a shainmhínítear í in Airteagal 339 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, urramóidh mé Cód Iompair Chomhaltaí an Choimisiúin Eorpaigh agus gníomhóidh mé ar mhaithe le leas na hEorpa gan aon teagasc a ghlacadh. Gheallfainn a bheith dílis do chosaint agus do chur chun feidhme Chonarthaí an Aontais agus ghníomhóinn ar bhealach neodrach neamhspleách ar leas na mBallstát aonair, an tír a d'ainmnigh mé san áireamh. Má thagann coinbhleacht leasa chun cinn amach anseo agus mo chuid dualgas mar Choimisinéir á gcomhlíonadh agam, cuirfidh mé an tUachtarán toghaí von der Leyen ar an eolas gan mhoill.

**2. An réimse cúraim a bhainistiú agus comhar le Parlaimint na hEorpa**

*An féidir leat gealltanas a thabhairt an Pharlaimint a chur ar an eolas go cuí faoi do chuid gníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí do chuid ranna? I do thuairim, cén tslí a bhfuil tú cuntasach don Pharlaimint?*

*Cad iad na gealltanais shonracha atá tú sásta a thabhairt maidir le do rannpháirtíocht leis an bParlaimint agus a bheith i láthair sa Pharlaimint, sa choiste agus sa suí iomlánach araon, ó thaobh trédhearcachta, comhair agus obair leantach éifeachtach ar sheasaimh na Parlaiminte agus iarrataí ar thionscnaimh reachtacha? Maidir le tionscnaimh bheartaithe nó nósanna imeachta reatha, an bhfuil tú toilteanach faisnéis thráthúil agus doiciméid a sholáthar don Pharlaimint ar an mbonn comhionann céanna agus a dhéantar leis an gComhairle?*

Mar iar-fheisire agus mar fheisire reatha de Pharlaimint na hEorpa agus mar iar-Pharlaiminteoir agus iar-Phríomh-Aire náisiúnta, tuigim cé chomh tábhachtach agus atá maoirseacht pharlaiminteach agus dlúth-rannpháirtíocht leis an bParlaimint agus tuigim cad atá i gceist le hionadaíocht a dhéanamh ar leasanna na saoránach a thagann ó réigiúin iargúlta an Aontais Eorpaigh agus ó thíortha atá suite gar do limistéir choinbhleachta.

Oibreoidh mé leis an bParlaimint agus le coistí ábhartha ag gach céim den phróiseas ceaptha beartas agus den idirphlé polaitiúil araon, mar shampla trí theacht i láthair os comhair na gcoistí parlaiminteacha inniúla. Tabharfaidh mé treoir freisin do bhainistíocht shinsearach mo chuid ranna tús áite a thabhairt do chuirí ó Pharlaimint na hEorpa ina gclár oibre. Is cuid lárnach den ghealltanas sin a chinntiú go bhfreagrófar ceisteanna i scríbhinn ó Fheisirí Pharlaimint na hEorpa go pras agus go ndéanfar obair leantach chuí thráthúil ar rúin ó Pharlaimint na hEorpa, chomh maith le bheith ar fáil le haghaidh cruinnithe déthaobhacha le Cathaoirligh na gcoistí sin agus lena gcomhaltaí. Ina theannta sin, tabharfaidh mé treoir do mo *cabinet* agus do na ranna atá faoi mo fhreagracht oscailteacht a léiriú chun plé a dhéanamh le Feisirí de Pharlaimint na hEorpa, le Grúpaí Polaitiúla agus leis an bhfoireann, agus sreabhadh rialta faisnéise a áirithiú ar an leibhéal teicniúil freisin. I gcomhréir le treoirlínte an Uachtaráin thoghaí, beidh mé ar fáil chun freagairt d'éilimh Pharlaimint na hEorpa díospóireacht a dhéanamh sa suí iomlánach san fhormáid is iomchuí.

D'fhonn teacht ar bhealaí nua chun cinn agus ar smaointe nua chun feabhas a chur ar ghuth na saoránach agus na sochaithe sibhialta san Aontas Eorpach, áiritheoidh mé go ndéanfar obair leantach iomchuí ar na moltaí ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa. Agus leas á bhaint agam as an taithí atá agam ar líonrú idirnáisiúnta a chur chun cinn, lorgóidh mé go gníomhach cineálacha nua líonraithe agus comhair leis an tsochaí shibhialta agus le saineolaithe neamhspleácha.

Tá sé i gceist agam cur leis na prionsabail a léirítear i dTreoirlínte Polaitiúla Uachtarán toghaí an Choimisiúin agus sa Litir Mhisin a cuireadh chugam araon trí leas a bhaint as mo chultúr oibre, is é sin idirphlé ina bhfuil rannpháirtíocht rialta coistí parlaiminteacha agus cruinnithe tríthaobhacha. Déanfaidh mé prionsabal na córa comhionainne a urramú go hiomlán sa chaidreamh le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle i gcomhréir le forálacha Chreat-Chomhaontú 2010 agus Chomhaontú Idirinstitiúideach 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

Na príomhthograí reachtacha dá dtagraítear sa Litir Mhisin a cuireadh chugam, go háirithe an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach agus Dlí Spáis an Aontais Eorpaigh a bheidh ann amach anseo, beidh siad ina ngarspriocanna tosaigh tábhachtacha de mo chuid oibre, agus Parlaimint na hEorpa ina comhreachtóir. Ina theannta sin, mar a deirtear sa Litir Mhisin a cuireadh chugam, tabharfaidh mé tábhacht ar leith d'ullmhú Tuarascála Bliantúla ar Dhul Chun Cinn maidir le Forfheidhmiú agus Cur Chun Feidhme agus rannchuideoidh mé leis an ualach riaracháin agus na hoibleagáidí tuairiscithe a laghdú i gcás cuideachtaí, ceisteanna a bheidh le cur faoi bhráid coistí Parlaiminteacha agus foirmíochtaí den Chomhairle araon.

Tuigim go hiomlán go mbainfidh mo shainchúraimí, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, le réimsí íogaire, a mbeadh plé i bhformáid shriantach ag teastáil ina leith. Ní bheidh íogaireacht ina bac orm bealaí cuiditheacha a aimsiú chun malartú le Parlaimint na hEorpa de mheon na muiníne frithpháirtí.

Glacaim go hiomlán le gealltanas an Uachtaráin thoghaí ról níos láidre a thabhairt don Pharlaimint maidir le reachtaíocht a thionscnamh agus a mhúnlú agus táim réidh, i gcomhréir lena treoirlínte, freagairt do rúin Airteagal 225 ón bParlaimint le tograí reachtacha lena n-urramófar go hiomlán prionsabal na comhréireachta, prionsabal na comhréireachta agus prionsabail na reachtóireachta níos fearr. Chuige sin, eagróidh mé, i gcás inarb ábhartha, idirphlé struchtúrtha leatsa, chun plé a dhéanamh ar conas aon rún faoi Airteagal 225 a thabhairt ar aghaidh, ar rúin iad a thiocfaidh faoi mo shainchúram agus a fhéadfaidh d'institiúid a ghlacadh, agus áiritheoidh mé go dtabharfaidh an Coimisiún freagra ar na rúin sin go tráthúil.

<u>Ceisteanna ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha</u>

*3. Cuireadh de chúram ort ról nua chun cuidiú le comhordú a dhéanamh ar an leibhéal Eorpach maidir le fíor-Aontas Eorpach um Chosaint a thógáil. Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat an sprioc uaillmhianach sin a bhaint amach le linn thréimhse ama do shainordaithe? Cén chaoi a roinnfidh tú na cúraimí agus comhlántacht na ról leis an Leas-Uachtarán/Ardionadaí, i bhfianaise ról ceannasach an Leas-Uachtaráin/Ardionadaí in CBSC, agus leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Cheannasacht Teicneolaíochta, Slándáil agus an Daonlathas? Gan dochar do phróisis chinnteoireachta an Choimisiúin, cad iad na tosaíochtaí nithiúla a bheadh agat ó thaobh tionscnaimh reachtacha, bhuiséadacha agus pholaitiúla de, lena n-áirítear na cinn chomhpháirteacha agus na cuspóirí/spriocanna comhpháirteacha do na sainchúraimí maidir le Cosaint agus Spás sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma ar feadh thréimhse do shainordaithe? Cad iad na príomhdhúshláin a bheadh ann agus conas a sharófá iad maidir leis na tosaíochtaí agus na cuspóirí sin a shaothrú, agus cén bealach atá ar intinn agat chun iad a mhaoiniú?*

I gcomhthéacs geopholaitiúil arb é is saintréith dó bagairtí iomadúla, casta agus athraitheacha, ní mór dúinn dlús práinneach a chur leis an dul chun cinn i dtreo an fhíor-Aontais Eorpaigh um Chosaint. Éilítear leis sin athrú paraidíme agus ollchóiriú córasach ar chosaint na hEorpa, gan dochar do cheannasacht gan cheist na mBallstát i réimse na cosanta.

I mo thuairimse, is éard atá i gceist leis an Aontas Eorpach um Chosaint a bhunú ná staid sheasta ullmhachta cosanta an Aontais i gcoitinne a bhaint amach. Ba cheart don Aontas agus dá Bhallstáit a bheith in ann saoránaigh, sláine chríochach, sócmhainní agus bonneagair chriticiúla na hEorpa, agus a croíluachanna agus a próisis dhaonlathacha a chosaint. Beidh ar fhíor-Aontas Cosanta brath freisin ar Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí a bheith iomaíoch, nuálach agus athléimneach. Chuige sin, beidh gá le hiarrachtaí comhpháirteacha seasta de réir a chéile bunaithe ar chomhthuiscint ar ár riachtanais agus ar ár gcuspóirí.

Mar a leag an tUachtarán von der Leyen amach sna Treoirlínte Polaitiúla le haghaidh an chéad Choimisiúin eile, ní mór dúinn cur chuige nua a cheapadh agus riachtanais infheistíochta a shainaithint chun an fíor-Aontas Eorpach um Chosaint a thógáil. Chuige sin, agus má dheimhnítear m'ainmniúchán, cuirfidh mé i láthair, in éineacht le Leas-Uachtarán/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, Páipéar Bán maidir le Todhchaí Chosaint na hEorpa chun cuidiú le huaillmhian fhíor-Eorpach a dhaingniú agus gníomhaíochtaí in-chomhthomhaiste a shainiú. Is féidir liom a bheith ag súil le trí phríomhcholún maidir leis an bplé. Ar an gcéad dul síos, tugtar le tuiscint leis an Aontas Eorpach um Chosaint rialachas cuíchóirithe agus idirnascadh rianúil idir na freagrachtaí agus na gníomhaíochtaí a rialaítear faoin gConradh ar an Aontas Eorpach agus faoin gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Ní mór don chroíbheartas cosanta agus don bheartas tionsclaíoch cosanta oibriú as lámh a chéile. Ar an dara dul síos, ní mór an tAontas Eorpach um Chosaint a bhunú ar anailísiú ar bhagairtí comhchoiteanna agus ar thuiscint chomhroinnte na mbagairtí. Ar an tríú dul síos, ní mór dúinn cuimhneamh ar an ngealltanas níos mó a chaitheamh ar bhealach níos fearr, le chéile agus ar leibhéal na hEorpa, leas iomlán a bhaint as na hionstraimí agus na hacmhainní atá ann cheana agus machnamh a dhéanamh ar na hacmhainní breise atá fós in easnamh orainn a tharraingt chugainn féin chun ár gcuspóirí ríthábhachtacha a bhaint amach.

Sa chomhthéacs sin, ní féidir gnéithe den Chomhbheartas Slándála agus Cosanta a dhealú ó bheartas tionsclaíoch cosanta an Aontais a thuilleadh. Ní mór dóibh siúd atá i gceannas ar fhaireachán a dhéanamh ar na bagairtí agus ar riachtanais chomhfhreagracha a shainaithint comhordú níos éifeachtaí a dhéanamh leo siúd atá in ann ár gcláir thionsclaíocha agus ár n-acmhainní gaolmhara a ghníomhachtú. Ní coinníoll í seo le haghaidh rath na hEorpa agus sin amháin. Is é an méid sin croílár ár misin. Ar an gcaoi chéanna, ní mór don obair ar an Aontas Eorpach um Chosaint dul chun tairbhe d'iomaíochas agus d'acmhainneacht táirgeachta an tionscail cosanta, chomh maith le comhsheasmhacht na gné inmheánaí agus seachtraí de chuid ár ngníomhaíochta slándála. Is éard atá i gceist leis sin go mbeidh ar an gCoimisinéir um an gCosaint agus um an Spás oibriú as lámh a chéile leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin toghaí um Cheannasacht Teicneolaíochta, Slándáil agus an Daonlathas agus le hArdionadaí/Leas-Uachtarán an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála araon chun ár gcomhspriocanna a bhaint amach.

Beidh an comhar sin ina chabhair freisin chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht chláir agus thionscnaimh spáis an Aontais chun freastal ar na príomhthosaíochtaí seo a leanas: slándáil agus cosaint, athléimneacht, fás eacnamaíoch, an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú glas. Tá tionscal spáis láidir nuálach de dhíth orainn, chomh maith leis an ngéarghá atá againn le córais spáis úrscothacha de chuid an Aontais, atá iomaíoch, éagsúlaithe agus in ann neamhspleáchas an Aontais a áirithiú: teicneolaíochtaí, réitigh agus próisis thionsclaíocha nua a chur ar fáil agus tacú le héabhlóid na gclár suaitheanta spáis de chuid an Aontais. Tá sé ar intinn agam an obair ar an Straitéis maidir le geilleagar sonraí spáis a thabhairt chun cinn agus iomaíochas thionscal spáis an Aontais a neartú agus fás gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna nuálacha a chothú.

Beidh sé i gcroílár mo ghníomhaíochta sineirgí a lorg, ag tosú leis an gcosaint agus leis an spás. Ag tógáil ar Straitéis Spáis an Aontais um Shlándáil agus Cosaint, ba cheart dúinn an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an spás don chosaint agus sócmhainní spáis an Aontais agus na mBallstát a chosaint. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tabharfaidh mé tús áite d'fhorbairt agus d'imscaradh seirbhísí spáis chun tacú leis an gcosaint, lena n-áirítear seirbhísí nascachta sláine Sheirbhís Phoiblí Rialáilte Galileo agus IRIS[2], chomh maith le seirbhís um Fhaire na Cruinne d'úsáideoirí rialtais agus cosanta. Chun imscaradh slán iontaofa na gclár sin a ráthú, beidh acmhainneachtaí uathrialacha, iontaofa agus costéifeachtacha de dhíth ar an Aontas chun rochtain a fháil ar an spás. Beidh sé mar aidhm agam a áirithiú go neartóidh an Eoraip a ceannasacht maidir le rochtain a fháil ar an spás agus é a úsáid trí iarrachtaí a threisiú chun rochtain uathrialach ar an spás a áirithiú agus, freisin, trí éagsúlú níos mó agus níos mó iomaíochta i measc soláthraithe seirbhíse lainseála na hEorpa.

Tosaíocht uileghabhálach a bheidh sa sainordú sin infheistíocht a áirithiú i dtionscal na cosanta agus in earnáil an spáis araon, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá os comhair iomaíochas Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí. Is saincheist mhór í an tearcinfheistíocht mhór, mar a cuireadh i dtábhacht san anailís a rinne an Coimisiún agus an tArdionadaí lena léirítear go mbeadh EUR 1.1 trilliún breise leithdháilte ar an gcosaint dá mbeadh 2 % dá OTI caite go seasta ag na Ballstáit uirthi ó bhí 2006 go 2020 ann. Cuirtear éifeachtacht Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí i mbaol breise mar gheall ar ilroinnt an mhargaidh, agus b'fhearr le tíortha aonair an Aontais tacú lena dtionscail chosanta intíre, rud a fhágann táirgeadh neamhéifeachtúil ar mhionscála ar fud an Aontais. Is léir an ilroinnt agus an acmhainneacht táirgeachta thearcfhorbartha sin ós rud é gur ó lasmuigh den Aontas a fuarthas thart ar 75 % d'éadálacha cosanta an Aontais ó cuireadh tús le fogha na Rúise faoin Úcráin go dtí mí an Mheithimh 2023. Thairis sin, tá fás an Aontais ar chaiteachas na cosanta go mór chun deiridh ar chumhachtaí domhanda eile, gan ach méadú 19.7 % tagtha air ó bhí 1999 go 2021 ann, agus tá méaduithe i bhfad níos substaintiúla tagtha ar bhuiséid chosanta tíortha eile, cuir i gcás na Stáit Aontaithe, an Rúis agus an tSín le linn na dtréimhsí céanna.

I gcás na cosanta agus an spáis araon, ba cheart dúinn a áirithiú go dtabharfaimid aghaidh ar dhúshláin phráinneacha gheopholaitiúla agus slándála. D'fhéadfaí a rá gurb é an chéad bhealach comhthiomsú acmhainní i dTionscadail ar Mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne. Tuigim go hiomlán nach tasc éasca é príomhthosaíochtaí infheistíochta a shainaithint a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar ár n-ullmhacht nó rannchuidiú na hEorpa le ECAT a threisiú. Ar an gcaoi sin, feictear dom gur fiú féachaint ar roghanna chun faireachán a dhéanamh ar infheistíochtaí cosanta ar leibhéal an Aontais agus i bhformáid níos struchtúrtha, ag tosú leis na táscairí a cuireadh chun cinn leis an Straitéis thionsclaíoch um an gcosaint Eorpach agus a forbraíodh a thuilleadh freisin trína leabú i gcláir rialachais agus náisiúnta an Aontais. Sa mheántéarma, beidh orainn na Ballstáit a dhreasú chun caiteachas níos mó agus níos fearr a dhéanamh san Eoraip i dteannta a chéile. Mar a luaitear i dTreoirlínte Polaitiúla an Uachtaráin thoghaí, is é an chéad chúram an géarghá atá le fórsaí armtha náisiúnta a atógáil, a athshlánú agus a athrú ó bhonn – mar atá sainithe ag na Ballstáit.

Is deis thábhachtach é an chéad CAI eile chun tionchar ghníomhaíocht an Aontais maidir leis an spás a uasmhéadú, buiséad an Aontais a ghiaráil chun tosaíochtaí an Aontais a bhaint amach agus intuarthacht a thabhairt d'infheistíocht phríobháideach agus d'infheistíocht phoiblí náisiúnta. Chun tacú le tionscal spáis atá láidir agus nuálach, tá sé de rún agam freisin ceachtanna a fhoghlaim ó CASSINI - tionscnamh an Choimisiúin chun tacú le fiontraíocht an spáis.

Mar a leagtar amach i dtreoirlínte an Uachtaráin von der Leyen le haghaidh an Choimisiúin nua, bunófar Ciste Eorpach um Iomaíochas nua mar acmhainneacht infheistíochta a thacóidh le hearnálacha straitéiseacha atá ríthábhachtach d'iomaíochas an Aontais, lena n-áirítear earnáil an spáis. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé go dlúth leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Rathúnas agus Straitéis Thionsclaíoch agus leis an gCoimisinéir um an mBuiséad agus Comhrac Calaoise agus an Riarachán Poiblí chun an aidhm sin a bhaint amach.

Ní mór dúinn cur chuige níos uaillmhianaí a bheith againn maidir le cistiú cosanta sa chéad CAI eile chun tacú le hiomaíochas agus acmhainneacht táirgeachta thionscal cosanta na hEorpa.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, cuideoidh mé leis an margadh aonair a neartú trí fhíormhargadh aonair maidir leis an gcosaint a chruthú. Díreofar go príomha ar chaighdeánú, lena n-áirítear caighdeáin mhíleata ECAT a bheith á gcur chun feidhme ag na Ballstáit, agus ar chóineasú maidir le deimhniú. Is éard a bheidh i gceist leis an iarracht sin úsáid caighdeán sibhialta agus cosanta comhaontaithe a chur chun cinn, amhail STANAGanna ECAT - laistigh de chláir thionsclaíocha cosanta an Aontais, agus tacú le gníomhaíochtaí meara trasdeimhniúcháin chun idir-inoibritheacht a áirithiú agus bacainní ar iontráil sa mhargadh do tháirgí cosanta ar fud an Aontais a laghdú. Thairis sin, sa bhreis ar an athbhreithniú ar na treoracha maidir le haistriú táirgí a bhaineann le cosaint agus soláthar cosanta, ní mór dúinn smaoineamh i dtéarmaí rochtain níos fearr ar an margadh le haghaidh gach cuideachta, comhar trasteorann níos rianúla agus slándáil an tsoláthair a mhéadú. Ina theannta sin, má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé le comhaltaí eile an Choláiste sa chéad leath de 2025 chun Dlí Spáis an Aontais Eorpaigh a chur ar aghaidh lena réiteofar an bealach do mhargadh aonair don spás. Cothóidh sé seo iomaíochas ár dtionscail spáis, cruthóidh sé níos mó deiseanna gnó agus simpleoidh sé an saol dár gcuideachtaí spáis.

Creidim go láidir gur féidir le rannpháirtíocht leanúnach le príomhpháirtithe leasmhara, cuir i gcás Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, na Ballstáit, an tionscal, an pobal taighde agus tuairim an phobail i gcoitinne, gur féidir léi an ceannach isteach agus an cothú comhdhearcaidh is gá a áirithiú chun tacú le clár oibre uaillmhianach do thionscal cosanta na hEorpa agus don spás.

*4. Tá cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine tar éis cogadh dearg a thabhairt ar ais chuig mór-roinn na hEorpa. Agus tú i do chéad Choimisinéir um Chosaint agus Spás a bhfuil ról ceannasach agat maidir le hAontas Eorpach um Chosaint agus Páipéar Bán maidir le Todhchaí Cosanta Eorpach a bhunú, cad iad na tosaíochtaí a bheidh agat chun tacú leis na Ballstáit cumais chosanta na hEorpa a athghiniúint láithreach, sa mheántéarma agus san fhadtéarma chun slándáil shaoránaigh an Aontais a áirithiú? I ndáil leis sin, an féidir leat roinnt samplaí a thabhairt de thionscnaimh a d'fhéadfadh an Coimisiún a fhorbairt a bheidh comhleanúnach leis na riachtanais arna sainiú ag an Leas-Uachtarán/Ardionadaí agus ag na Ballstáit, agus a bheidh i gcomhréir le gealltanais Dhearbhú Versailles?*

Creidim go láidir nach mór dúinn a bheith in ann stoic chosanta náisiúnta a athshlánú agus fórsaí armtha na mBallstát a threalmhú leis an méid trealaimh is gá chun bheith in ann aghaidh a thabhairt ar na teagmhais mhíleata

is measa. Is éard atá i gceist leis sin infheistíocht ollmhór a dhéanamh chun ár gcumais chosanta a athghiniúint agus chun é sin a dhéanamh ar an mbealach is éifeachtúla.

Chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais chriticiúla sin, tá dhá dhúshlán ar leith ann thar chreataí ama éagsúla. Sa ghearrthéarma, ní mór dúinn feabhas a chur go práinneach ar ullmhacht an Aontais maidir le cás ina bhféadfadh fogha míleata a bheith ann. An tráth céanna, ní mór dúinn pleanáil don mheántéarma agus don fhadtéarma, ag aithint gur dócha go laghdóidh na Stáit Aontaithe a láithreacht i gcosaint na hEorpa sna blianta amach romhainn agus iad ag iarraidh díriú ar an dúshlán straitéiseach a bhaineann leis an tSín. Leis an dá dhúshlán sin, leagtar béim ar an ngá atá le neamhspleáchas agus cumais chosanta an Aontais a neartú go tapa, lena n-áiritheofar gur féidir leis an Aontas a leasanna agus a shlándáil a chosaint go héifeachtach i dtimpeallacht dhomhanda atá ag éirí níos casta i gcónaí.

Ina theannta sin, creidim gur gá dúinn, sa ghearrthéarma, leanúint de thacaíocht a thabhairt don taighde agus don fhorbairt i réimse na cosanta tríd an gCiste Eorpach Cosanta. Ní mór dúinn freisin leanúint dár dhá ionstraim éigeandála a chur chun feidhme, is é sin an Rialachán maidir le Tionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar Comhoibríoch agus an Rialachán chun Tacú le Táirgeadh Armlóin.

Mar sin féin, chun an t-éileamh comhiomlánaithe san Aontas a mhéadú go mór agus chun dlús a chur le táirgeadh tionsclaíoch gnáth-threalaimh cosanta, ní mór i bhfad níos mó a dhéanamh, sa chomhordú is dlúithe is féidir leis na Ballstáit, lena n-áirítear: (i) malartú iomchuí faisnéise a chothú idir Ballstáit an Aontais, an tAontas agus ECAT maidir le stádas cainníochtúil reatha na n-acmhainní agus na riachtanas cosanta, a bhféadfadh plean aschuir thionscal cosanta an Aontais a bheith mar thoradh air ar deireadh chun cumais táirgthe Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí a ailíniú agus a optamú le riachtanais slándála chomhchoiteanna Bhallstáit an Aontais agus Chomhghuaillithe ECAT ar bhealach comhordaithe agus éifeachtúil; (ii) féachaint i gcomhar leis na Ballstáit ar roghanna maidir le stoc-charnadh comhpháirteach bunaithe ar chritéir slándála míleata an Aontais agus faireachán a dhéanamh ar tháscairí an Aontais maidir le neartú acmhainní an tionscail cosanta agus infheistíochtaí a d'fhéadfaí a leabú i gcláir náisiúnta; (iii) soláthar comhpháirteach a chur chun cinn tríd an gClár um an Tionscal Cosanta Eorpach atá ar na bacáin chun an t-éileamh a chomhiomlánú agus chun leibhéil praghsanna níos ísle a bhaint amach; .

Dá bhrí sin, rachaidh mé i dteagmháil leis an bParlaimint agus leis an gComhairle chun an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach a ghlacadh go pras agus tá súil agam brath ar do thacaíocht ríthábhachtach chun na críche sin.

Ina theannta sin, táim ag brath ar do thacaíocht maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata a chlaochlú ina hacmhainn chuimsitheach lóistíochta míleata, lena n-éileofar, *inter alia*, infheistíochtaí móra i mbonneagar na soghluaisteachta míleata, chomh maith le deireadh a chur le scrogaill rialála don tsoghluaisteacht sin. Ní mór dúinn feabhas a chur ar chumais aeraistrithe lasta agus infheistíocht a mhéadú i mbonneagar lóistíochta, mar shampla calafoirt, aerfoirt, iarnróid, uiscebhealaí agus bóithre. Maidir leis na gnéithe sin den tsoghluaisteacht mhíleata, má dheimhnítear m'ainmniúchán, comhoibreoidh mé go dlúth leis an gCoimisinéir um Iompar Inbhuanaithe agus um an Turasóireacht. Ina theannta sin, ní mór dúinn an bonneagar riachtanach a fhorbairt, lena n-áirítear digitiú, faireachán sreafa, agus córais optamaithe lasta.  gluaiseacht mhear trúpaí agus trealaimh thar theorainneacha a éascú, rud a laghdóidh go mór na hamanna imscartha agus, ar an gcaoi sin, a chuirfidh feabhas mór ar ár gcosaint chomhchoiteann agus ar ár n-ullmhacht oibríochtúil.

Éilítear leis na bearta sin an tsoghluaisteacht mhíleata a neartú trí na bacainní uile a bhaint.

Ní mór dúinn a bheith in ann cumais chosanta nua a bhaint amach d'fhórsaí armtha ár mBallstát. Ní mór dúinn acmhainní leordhóthanacha a bheith againn chun díriú ar na bagairtí coiteanna agus trasteorann is mó. Chuige sin, tá gá le hinfheistíocht Eorpach sa chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile. Déanfaimid moltaí freisin, áfach, maidir le riachtanais phráinneacha infheistíochta i réimse na cosanta.

Ina theannta sin, ní mór dúinn féachaint freisin ar roghanna, a bhféadfadh meascán de chistiú ar leibhéal an Aontais, ranníocaíochtaí náisiúnta, agus réitigh nuálacha mhaoiniúcháin a bheith i gceist leo chun infheistíocht ón earnáil phríobháideach i gcumais chosanta i réimsí tosaíochta áirithe a dhreasú, cuir i gcás sciath aerchosanta na hEorpa, cibearchosaint, soghluaisteacht mhíleata, nó teicneolaíochtaí drón.

Ní mór don Choimisiún agus d'Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ár ngníomhaíocht amach anseo i réimsí tosaíochta den sórt sin a shainiú go comhpháirteach, le rannpháirtíocht iomlán

na mBallstát, a chinnfidh ar deireadh cé na tosaíochtaí ar cheart dul i ngleic leo ar dtús. Beidh sé ríthábhachtach aistriú rianúil a áirithiú i dtreo creat láidir chun feabhas a chur ar chumais chosanta na hEorpa.

*5. Cuireadh de chúram ort cheana féin an Páipéar Bán maidir le Todhchaí Chosaint na hEorpa a chur i láthair (i gcomhar leis an Leas-Uachtarán/Ardionadaí) laistigh de na chéad 100 lá ó do shainordú, agus tríd an bpróiseas sin, tugadh treoir duit rannchuidiú le fís agus uaillmhian chomhroinnte ar fud na Comhairle, na Parlaiminte, an phobail agus geallsealbhóirí eile agus an chomhpháirtíocht idir an tAontas agus ECAT a neartú. Conas a rachaidh tú i dteagmháil go réamhghníomhach agus go héifeachtach le Parlaimint na hEorpa ó na céimeanna is luaithe sna próisis chun an Páipéar Bán maidir le Todhchaí na hEorpa agus tionscnaimh eile i do réimse freagrachta a ullmhú agus a fhorbairt an bealach ar fad chun iad a chur i ngníomh agus a chur chun feidhme (lena n-áirítear, sa tréimhse roimh an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile)? I ndáil leis seo, an bhféadfá sonraí a thabhairt, le do thoil, faoin gcaoi a bhfuil sé i gceist agat na nithe seo a leanas a dhéanamh: malartuithe rialta tuairimí a choinneáil ar bun sa Seisiún Iomlánach agus leis na coistí ábhartha; 'idirphlé struchtúrtha' agus do láithreacht ad hoc a áirithiú ar gearrfhógra i gcás imeachtaí suntasacha nó forbairtí móra; a áirithiú go dtabharfar aird chuí ar sheasaimh na Parlaiminte i dtograí le haghaidh gníomhartha dlí agus i dteachtaireachtaí agus straitéisí AE; a áirithiú go bhfaighidh an Pharlaimint faisnéis agus doiciméid ábhartha a bhaineann le do shainchúraimí, lena n-áirítear iad siúd a chomhroinntear leis an gComhairle, agus go gcuirfear na coistí ábhartha ar an eolas láithreach agus go hiomlán, i scríbhinn agus ó bhéal; agus a áirithiú go gcuirfear faisnéis ábhartha neamhphoiblí ar fáil don Pharlaimint le linn cruinnithe i seomra iata?*

Chuir an tUachtarán toghaí de chúram orm, in éineacht le hArdionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus Leas-Uachtarán ainmnithe an Choimisiúin, obair a dhéanamh ar Pháipéar Bán maidir le Todhchaí Chosaint na hEorpa, go háirithe chun tús a chur le díospóireacht leis an bpobal, le páirtithe leasmhara, le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle chun teacht ar chomhthoil maidir le cur chuige nua comhroinnte i leith na cosanta in san Aontas. Beidh an Páipéar Bán, atá le seachadadh sa chéad 100 lá de shainordú an Choimisiúin, ina thúsphointe agus ceapfar é chun rannpháirtíocht libh a áirithiú go luath sa phróiseas trí chonairí féideartha agus an bealach chun cinn a leagan amach.

Mar a mheabhraigh an tUachtarán toghaí, chun an Eoraip a chosaint, ní mór do na Ballstáit agus d'institiúidí an Aontais oibriú go dlúth le chéile. Agus is éard atá i gceist leis an Eoraip a chosaint saoránaigh na hEorpa a chosaint. Léiríonn suirbhé iarthoghcháin an Aontais go raibh cosaint agus slándáil an Aontais ar cheann de na seacht dtosaíocht a spreag saoránaigh chun vóta a chaitheamh. Trí ionchur ó d'institiúid, beidh ionchur ag saoránaigh na hEorpa maidir le cúrsaí cosanta, cúrsaí nach monaplacht de chuid na mBallstát ná saineolaithe míleata iad agus nár cheart gur monaplacht de chuid na mBallstát ná saineolaithe míleata a bheadh iontu. Deis iontach a bheidh sa Pháipéar Bán ar Thodhchaí na Cosanta Eorpaí páirt a ghlacadh i ndíospóireacht leathan phoiblí ar a bhfuil ag teastáil chun ullmhacht cosanta a bhaint amach.

Tá sé i gceist agam oibriú as lámh a chéile le Parlaimint na hEorpa, agus urraim iomlán á tabhairt do ról tábhachtach na mBallstát mar chinnteoirí ceannasacha maidir le cúrsaí cosanta. Iarrfar ort cur leis an bpróiseas sin trí do thuairimí a chur isteach maidir leis an treo ba cheart a ghlacadh i dtaca le cosaint na hEorpa. Leis na tuarascálacha bliantúla ó Pharlaimint na hEorpa maidir le cur chun feidhme an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála agus an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta, tugtar deis cur go héifeachtach leis an bpróiseas chun an Páipéar Bán a ullmhú.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, beidh sé d'onóir agam an Páipéar Bán a chur i láthair sa Suí Iomlánach ionas go leagfaimid amach le chéile cúrsa an idirphlé threisithe ar leibhéal choistí Pharlaimint na hEorpa maidir le cúrsaí cosanta.

Ní bheidh i bhfoilsiú an Pháipéir Bháin ach tús le haistear coiteann chun ár bhfís chomhroinnte a shainiú. Is féidir leat brath ormsa, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir um an gCosaint agus um an Spás, chun comhar éifeachtach agus níos láidre fós leis an bParlaimint a áirithiú.

Oibreoidh mé leat freisin maidir leis an gcomhpháirtíocht idir an tAontas agus ECAT, a bhféachfaidh mé lena forbairt a thuilleadh i ndlúthchomhar leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán ainmnithe agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail na cuimsitheachta, na cómhalartachta agus neamhspleáchas cinnteoireachta an Aontais, agus cineál sonrach bheartas slándála agus cosanta aon cheann de na Ballstáit á n-urramú ag an am céanna.

Táim deimhin de go bhfuil luach breise uathúil ag an Aontas Eorpach maidir le hiarrachtaí na mBallstát agus ECAT i réimse na cosanta a chomhlánú. Tógfaidh mé ar ionstraimí sainiúla an Aontais, is é sin a bhuiséad agus a chumas rialála, agus sócmhainní spáis freisin, ar féidir iad a ghiaráil chun tacú leis na Ballstáit agus le ECAT acmhainní cosanta criticiúla a fhorbairt. Is éard atá i gceist leis ná príomhról ECAT maidir le cosaint chomhchoiteann a threisiú. Tá súil agam go mbeidh neart deiseanna againn plé a dhéanamh ar rannchuidiú an Aontais le hullmhacht fhoriomlán cosanta na mór-roinne agus ar a chomhlántacht le ECAT.

Chuige sin, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair thoscaireacht Pharlaimint na hEorpa chuig Tionól Parlaiminteach ECAT. Mar iarChomh-Uachtarán ar Thionól Parlaiminteach Euronest roimhe seo, is mór agam go háirithe an taidhleoireacht pharlaiminteach agus beidh áthas orm dul i dteagmháil leis an toscaireacht le haghaidh caidrimh le Tionól Parlaiminteach ECAT agus le coistí ábhartha PE.

Na príomhthograí reachtacha dá dtagraítear sa Litir Mhisin a cuireadh chugam, go háirithe an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach agus Dlí Spáis an Aontais Eorpaigh a bheidh ann amach anseo, beidh siad ina ngarspriocanna tosaigh tábhachtacha de mo chuid oibre, agus Parlaimint na hEorpa ina comhreachtóir. Táim ag tnúth le dul i dteagmháil leis an bParlaimint maidir leis an togra lena mbunaítear an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach. Tabharfaidh mé treoir do mo sheirbhísí seisiúin faisnéise teicniúla a sholáthar chun tacú le d'anailís atá le teacht ar an téacs.

A mhéid a bhaineann le Dlí Spáis an Aontais Eorpaigh a bheidh ann amach anseo, tá tacaíocht tugtha go seasta ag Parlaimint na hEorpa. Tá aird agam ar na scéimeanna píolótacha atá beartaithe a bhaineann le sábháilteacht agus inbhuanaitheacht, scéimeanna píolótacha a bhfuil ábharthacht dhíreach ag baint leo maidir le reachtaíocht den sórt sin. Tá comhdhearcadh ann go bhfuil rialacha comhchoiteanna de dhíth orainn le haghaidh oibreoirí spáis chun seirbhísí a sholáthar go rianúil ar fud an Aontais. Is é Dlí Spáis an Aontais Eorpaigh an uirlis is oiriúnaí chun an margadh aonair sin a chruthú d'earnáil an spáis. Tacaíonn na Ballstáit, Parlaimint na hEorpa agus páirtithe leasmhara (tionscal agus lucht acadúil) leis an gcur chuige sin, agus chuathas i gcomhairle go mór leo le linn an phróisis ullmhúcháin. Beidh an dlúth-idirghníomhaíocht atá againn leis na Ballstáit, leis an bParlaimint agus le tionscal spáis ríthábhachtach chun go n-éireoidh leis an tionscnamh seo.

Ina theannta sin, má dheimhnítear m'ainmniúchán, tá sé beartaithe agam oibriú chun iomaíochas thionscal an spáis a threisiú agus chun glacadh sonraí spáis a uasmhéadú. Is gá tuilleadh a dhéanamh chun deireadh a chur le bacainní teicneolaíochta áirithe ar fud na n-earnálacha eacnamaíocha uile agus chun an margadh Eorpach a dhíbhloghadh. Táim ag brath ar do thacaíocht.

A mhéid a bhaineann le hullmhú an chéad CAI eile, is deis iontach é an t-athbhreithniú ar na cláir reatha chun tuairimí a mhalartú le coistí ábhartha na Parlaiminte maidir leis na dúshláin atá romhainn. Tá aird agam ar an athbhreithniú meántéarma a rinneadh le déanaí ar Chlár Spáis an Aontais agus ar an athbhreithniú a dhéanfar go luath ar an gCiste Eorpach Cosanta. Is deis thábhachtach é an chéad CAI eile chun tionchar ghníomhaíocht an Aontais a uasmhéadú, buiséad an Aontais a ghiaráil chun príomhthosaíochtaí an Aontais a bhfuil géarghá leo a bhaint amach, intuarthacht a thabhairt d'infheistíocht phríobháideach agus d'infheistíocht phoiblí náisiúnta, na sineirgí idir cuspóirí a neartú; agus timpeallacht airgeadais an Aontais a shimpliú chun an t-ualach riaracháin a laghdú. Comhoibreoidh mé go dlúth le Parlaimint na hEorpa ionas gur féidir léi a róil reachtacha, ghrinnscrúdaithe agus socraithe clár oibre a fheidhmiú ina n-iomláine. Déanfaidh mé prionsabal na córa comhionainne a urramú go hiomlán sa chaidreamh le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle i gcomhréir le forálacha Chreat-Chomhaontú 2010 agus Chomhaontú Idirinstitiúideach 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

Tuigim go hiomlán go mbainfeadh mo shainchúraimí le réimsí íogaire, a mbeadh plé i bhformáid shriantach ag teastáil ina leith. Ní bheadh íogaireacht ina bac orm bealaí cuiditheacha a aimsiú chun malartú le Parlaimint na hEorpa de mheon na muiníne frithpháirtí.

Dá mba ghá sin, bheinn réidh freisin féachaint ar bhealaí chun bealaí cumarsáide iomchuí agus praiticiúla a fhorbairt chun faisnéis íogair a roinnt leis na coistí atá i gceannas ar na beartais a thagann faoi na sainchúraimí a leagtar amach sa Litir Mhisin a cuireadh chugam.

<u>Ceisteanna ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Taighde agus um Fhuinneamh</u>

*6. Cén fhís atá agat do na sainchúraimí atá agat de bhreis ar do litir mhisin agus cén oidhreacht ar mhaith leat a bheith agat? Cad iad na tograí reachtacha agus na tionscnaimh eile a mholfaidh tú do Choláiste na gCoimisinéirí*

*lena nglacadh sna cúig bliana amach romhainn agus go háirithe sa chéad 100 lá? Conas a áiritheoidh tú go neartódh na tograí sin, chomh maith le cur chun feidhme na reachtaíochta atá ann cheana, iomaíochas na hEorpa? An bhfuil sé i gceist agat na tograí reachtacha sin a bhunú ar mheasúnuithe tionchair tiomnaithe? Cad iad na pleananna atá agat go háirithe don mhargadh aonair do tháirgí agus seirbhísí cosanta, don Chiste Eorpach Cosanta, do Dhlí Spáis an Aontais Eorpaigh, don Straitéis maidir le Geilleagar Sonraí Spáis, chomh maith le cur chun feidhme EDIRPA, an Gníomh chun Tacú le Táirgeadh Armlóin (ASAP), Straitéis thionsclaíoch um an gcosaint Eorpach agus Straitéis Spáis an Aontais um Shlándáil agus Cosaint?*

Beidh sé ina onóir agus ina phribhléid dom a bheith ar an gcéad Choimisinéir um an gCosaint agus um Spás, má dheimhníonn Parlaimint na hEorpa m’ainmniúchán. Is maith is eol dom go bhfuil an seasamh nua seo mar chuid de fhreagairt an Aontais ar an gcogadh san Úcráin agus ar na teannais gheopholaitiúla atá ag dul i méid. Is ábhar misnigh dom gur sháraigh an tAontas Eorpach go leor géarchéimeanna le linn a staire agus gur fhorbair sé i gcónaí chun feabhas a chur ar an gcumas atá ann déileáil le dúshláin nua. Cuid den smaointeoireacht sin is ea ár leasanna a dhaingniú i réimsí straitéiseacha, amhail réimse an spáis agus réimse na cosanta. D’áiritheoinn go mbeadh tionchar buan ag tionscal cosanta agus beartas spáis an Aontais ar gheilleagar, ar shlándáil agus ar chosaint an Aontais, rud a chuirfeadh le folláine shaoránaigh an Aontais.

Ní mór dúinn cosaint an Aontais a thabhairt chun tosaigh, agus dul chun cinn a dhéanamh i dtreo an fíor-Aontas Eorpach um Chosaint trí shraith beart uaillmhianach. Ba cheart do na Ballstáit tosú de bheith ag oibriú le chéile mar ghnáthchleachtas, seachas mar eisceacht, agus ní hamháin infheistíocht níos mó a dhéanamh ach infheistíocht níos fearr a dhéanamh freisin, is é sin infheistíocht i gcomhar agus go príomha i dtionscal cosanta na hEorpa. Is féidir lenár dtionscal cosanta inspioráid a fháil ón gcomhar tionsclaíoch maidir le cláir shuaitheanta spáis an Aontais amhail Galileo nó Copernicus lena gcothaítear forbairtí comhpháirteacha agus soláthar seirbhísí a théann chun tairbhe an Aontais ar fad.

Mar a léirítear i dTreoirlínte Polaitiúla an Uachtaráin thoghaí agus sa Litir Mhisin a cuireadh chugam, feicim trí phríomhcholún oibre a mhéid a bhaineann le dul chun cinn a dhéanamh i dtreo an fhíor-Aontais um chosaint.

Ar an gcéad dul síos, fíormhargadh aonair um chosaint a bhunú, lena n-aistreofar na Ballstáit ón gcur chuige náisiúnta go príomha atá ann faoi láthair maidir leis an margadh cosanta agus leis an tionscal cosanta. Ba cheart béim shonracha a chur ar chaighdeánú, lena n-áirítear caighdeáin mhíleata ECAT a bheith á gcur chun feidhme ag na Ballstáit, agus ar chóineasú maidir le deimhniú. Is éard a bheidh i gceist leis an iarracht sin úsáid caighdeán sibhialta agus cosanta comhaontaithe a chur chun cinn, amhail STANAGanna ECAT - laistigh de chláir thionsclaíocha cosanta an Aontais, agus tacú le gníomhaíochtaí meara trasdeimhniúcháin chun idir-inoibritheacht a áirithiú agus bacainní ar iontráil sa mhargadh do tháirgí cosanta ar fud an Aontais a laghdú.

Ar an dara dul síos, ní mór dúinn ailíniú níos dlúithe a dhéanamh idir riachtanais chumais an Aontais a shainaithint agus an infheistíocht chun na riachtanais sin a shásamh trí chláir agus buiséad an Aontais a ghníomhachtú.

Ar an tríú dul síos, bheadh forbairt na dTionscadal ar Mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne ríthábhachtach maidir le leasanna slándála agus cosanta agus maidir le ceannasacht theicneolaíoch an Aontais agus ba mhó í ná acmhainneacht airgeadais agus thionsclaíoch na mBallstát aonair. Bheadh sé i gceist agam oibriú go dlúth leo chun cabhrú leo comhthionscadail a thabhairt i gcrích maidir le haerchosaint, cibearchosaint, teicneolaíochtaí drón agus frith-UAV, agus tosaíochtaí ríthábhachtacha eile. Ina theannta sin, ag tógáil ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo, leanfainn de thús áite a thabhairt don tSoghluaisteacht Mhíleata. Chomh maith leis sin, spreagfainn comhar idir Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí agus an Úcráin, go háirithe maidir le dróin agus nuálaíocht, ag tógáil ar Oifig Nuálaíochta an Aontais a bunaíodh le déanaí i gCív.

Ar ár n-aistear i dtreo an tAontas Eorpach um Chosaint, cuirfimid leis an taithí a fuarthas ó na hionstraimí éigeandála gearrthéarmacha amhail an Rialachán maidir le Tacaíocht do Tháirgeadh Armlóin agus an Rialachán maidir le Tionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar Comhoibríoch.

Chomh maith leis sin, gheallfainn dlús a chur le hiarrachtaí an Chiste Eorpaigh Cosanta ilroinnt thimpeallacht chumas cosanta an Aontais a laghdú agus feabhas a chur ar iomaíochas thionscal cosanta na hEorpa. Beidh sé ríthábhachtach freisin na bearta a mholtar sa Straitéis thionsclaíoch um an gcosaint Eorpach a chur chun feidhme go pras agus an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach atá á phlé sa Chomhairle faoi láthair a ghlacadh agus tús a chur lena chur chun feidhme go pras. Maidir leis an dara ceann, beidh ról ríthábhachtach ag Parlaimint na hEorpa sna míonna amach romhainn.

Agus muid ag féachaint ar an am amach romhainn, thabharfainn aird ar leith ar thacú le margadh aonair Eorpach um chosaint a chruthú agus ar iomaíochas agus acmhainneacht thionscal cosanta na hEorpa a dhreasú.

Creidim go bhfuil gá le hathrú paraidíme le haghaidh an spáis freisin. An fhís atá agam, díreoidh sí ar sheasamh an Aontais mar cheannaire domhanda spáis a chomhdhlúthú, agus tús áite á thabhairt d'iomaíochas earnáil an spáis, úsáid an spáis le haghaidh slándála agus cosanta a uasmhéadú agus feabhas a chur ar chosaint sócmhainní spáis.

Beidh Straitéis Spáis an Aontais um Shlándáil agus Cosaint ina bunchloch maidir leis mo chur chuige. Oibreoidh mé go dlúth leis an Ardionadaí do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus le Leas-Uachtarán ainmnithe an Choimisiúin, leis an gcuid eile den Choláiste agus leis na Ballstáit, chun a áirithiú go leanfar dá chur chun feidhme.

Sa ghearrthéarma, dhíreoinn ar leanúint de sheirbhísí spáis a fhorbairt chun tacú leis an gcosaint. Áirítear ar na príomhthionscnaimh Seirbhísí Poiblí Rialáilte Galileo agus IRIS[2], Clár an Aontais um Nascacht Shlán, lena gcuirfear seirbhísí nascachta slána ar fáil d'úsáideoirí rialtais agus cosanta faoi 2030. Sa mheántéarma, d'oibreoinn ar sheirbhísí nua a fhorbairt chun críoch rialtais i réimse Fhaire na Cruinne, agus seirbhís phíolótach agus staidéir féidearthachta ar siúl faoi láthair. Go comhthreomhar, chuirfimis feabhas ar ár bhfeasacht staide spáis trí Sheirbhísí Faireachais agus Rianaithe Spáis an Aontais agus dhéanfaimis misean píolótach a fhorbairt le haghaidh oibríochtaí agus seirbhísí sa spás. Bheadh sé mar aidhm agam freisin rochtain uathrialach, fhreagrúil agus ildánach ar an spás a áirithiú. San fhadtéarma, beidh sé mar aidhm agam cumais uathrialacha a fhorbairt i réimse na n-oibríochtaí agus na seirbhísí sa spás.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, thabharfainn tús áite do thionscal spáis atá láidir agus nuálach mar phríomhcholún d'iomaíochas agus do shlándáil an Aontais. Leanfainn ar aghaidh leis an obair chun tacú le tionscal spáis an Aontais, go háirithe chun cur chuige straitéiseach a chothú maidir le hacmhainneacht seolta, taighde agus nuálaíocht, agus chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis.

Mar a léirítear sa Litir Mhisin a cuireadh chugam, beidh Dlí Spáis an Aontais Eorpaigh ina phríomhghné de bheartas spáis an Aontais, ós rud é go gcruthóidh sé margadh aonair don spás, go simpleoidh sé saol ár gcuideachtaí spáis, agus go gcruthóidh sé deiseanna nua gnó. D'áiritheoinn go mbeadh caighdeánú lárnach i gcur chun feidhme Dhlí Spáis an Aontais Eorpaigh. Trí chur chuige coiteann, noirm choiteanna agus sásraí comhordúcháin ábhartha a bhunú, leagfaimid amach an bealach i dtreo tionscal spáis iomaíoch san Aontas. Maidir leis an bpróiseas, rinneadh Measúnú Tionchair críochnúil go luath in 2024. Bhí na torthaí ón Measúnú Tionchair soiléir: tá rialacha comhchoiteanna de dhíth orainn le haghaidh oibreoirí spáis chun seirbhísí a sholáthar go rianúil ar fud an Aontais. Is é Dlí Spáis an Aontais Eorpaigh an uirlis is oiriúnaí chun an margadh aonair spáis sin a chruthú, feabhas a chur ar iomaíochas domhanda thionscal spáis an Aontais agus cothrom iomaíochta a chur ar fáil do na hoibreoirí uile. Chuir an tionscal agus príomhpháirtithe leasmhara eile in iúl go dtacaíonn siad ar bhonn ginearálta leis an gcur chuige sin le linn an phróisis comhairliúcháin.

Oibreoidh mé ar chruthú mhargadh aonair Eorpach um chosaint. Molfaidh an Coimisiún ciste Eorpach um iomaíochas chun na hinfheistíochtaí i dteicneolaíochtaí straitéiseacha a dhreasú, i réimsí amhail an intleacht shaorga, an spás, an teicneolaíocht ghlan, an bith-theicneolaíocht, chomh maith le tionscadail ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne. Féachfaimid lena áirithiú go n-úsáidfimid cumhacht ár mbuiséid chun infheistíocht phríobháideach a ghiaráil agus a dhí-rioscú inár gcomhspriocanna, ós rud é gur féidir leis an Eoraip a neart comhchoiteann a úsáid chun infheistíocht a dhéanamh le chéile i gcomhthionscadail uaillmhianacha.

*7. Cad iad na bearta nithiúla atá ar intinn agat chun feabhas a chur ar chumas an tionscail cosanta cainníochtaí leordhóthanacha táirgí agus seirbhísí ábhartha a tháirgeadh go héifeachtúil agus go hiomaíoch? Conas atá sé beartaithe agat cumais thionsclaíocha chosanta a leathnú ar fud an Aontais chun spleáchais sheachtracha mhíchuí a laghdú go háirithe do FBManna agus do chuideachtaí meánchaipitlithe beaga, gan dochar don bhuiséad a leithdháiltear ar bheartais eile de chuid an Aontais? Cad iad na bearta atá ar intinn agat chun rochtain níos fearr a thabhairt do thionscal na hEorpa ar amhábhair, ar phríomh-chomhpháirteanna agus chun srianta ar úsáid teicneolaíochtaí áirithe a laghdú? Cad iad na pleananna atá agat chun táirgí agus seirbhísí Eorpacha a bhaineann le cosaint a dhéanamh níos tarraingtí? Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat a áirithiú go mbeidh tacaíocht an Aontais do Bhonn Teicneolaíoch agus Tionsclaíoch Cosanta an Aontais (EDITB) fite fuaite le comhtháthú FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe i slabhraí soláthair agus le comhpháirtíochtaí fíor-nua a spreagadh idir gníomhaithe ó Bhallstáit éagsúla? Ar bhonn níos ginearálta, conas a chuirfidh tú feabhas ar an gcomhar idir na Ballstáit agus cén ról atá beartaithe agat don Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint? Cén fhís atá agat maidir le comhar trasteorann a mhúnlú agus an 'speisialtóireacht' a d'fhéadfadh a bheith ann i dtionscal na cosanta? Cén ról, dar leat, atá ag teicneolaíochtaí digiteacha i réimse na cosanta Eorpaí? Céard a dhéanfá le buiséad agus struchtúir*

*an Chláir um an Tionscal Cosanta Eorpach (EDIP) chun an úsáid is mó is féidir a bhaint astu? Cad iad na hacmhainní airgeadais iomchuí, dar leat, le haghaidh EDIP agus ionstraimí reatha gaolmhara, agus cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat iad a fháil? Conas a chinnteoidh tú gur féidir le EDIP an tairbhe is mó is féidir a bhaint as tionscal an Aontais agus cén tuairim atá agat maidir lena chritéir incháilitheachta? Cad é do thuairim maidir le cur chuige an Aontais chun tionscal cosanta na hÚcráine a mhaoiniú go díreach agus an bhfuil sé i gceist agat an cur chuige sin a neartú? Conas a shamhlaítear todhchaí EDIP tar éis 2027?*

Chun ullmhacht cosanta a bhaint amach, ní mór don Aontas agus dá Bhallstáit leas a bhaint as buan-infhaighteacht speictream iomlán na gcumas is gá chun aghaidh a thabhairt ar na teagmhais mhíleata is measa, ach ní mór dóibh tairbhe a bhaint as an mbuan-infhaighteacht sin freisin. Ciallaíonn sé sin máistreacht a fháil ar na teicneolaíochtaí criticiúla uile agus leas a bhaint as slándáil soláthair aon trealaimh is gá gan aon srian ar úsáid an trealaimh sin.

Chun an cuspóir sin a bhaint amach, creidim go láidir gur cheart don Aontas a bheith in ann brath ar Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch Cosanta atá iomaíoch ar an leibhéal domhanda ach atá freagrúil agus athléimneach freisin chun freagairt de réir méide agus in am d'aon ghá a chuireann a Bhallstáit in iúl chun aon bhagairt a dhíspreagadh nó a sheasamh. Ní mór do Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí den sórt sin a bheith athléimneach i gcoinne aon suaitheadh ionas go leanfaidh a shlabhraí soláthair dá ról a chomhlíonadh faoi na srianta is déine.

Is é an chéad chuspóir a bheadh agam, dá bhrí sin, bearta nua a dhéanamh chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an mhargaidh aonair le haghaidh táirgí cosanta. Chuirfeadh sé sin ar a chumas do thionscal cosanta an Aontais tairbhe a bhaint as margadh níos mó, rud a bhainfeadh éifeachtúlacht amach ach a chuirfeadh feabhas freisin ar an rochtain ar an nuálaíocht.

Thairis sin, is príomhpharaiméadar é rannpháirtíocht trasteorann FBManna i slabhraí soláthair cosanta chun an fíor-Mhargadh Aonair Eorpach le haghaidh táirgí agus seirbhísí cosanta a bhaint amach. Chuige sin, creidim gur féidir linn tógáil ar an taithí rathúil leis an gCiste Eorpach Cosanta, ciste a bhfuil aon trian dá thairbhithe ina FBManna. Ar an gcaoi chéanna, tá sé i gceist le hionstraimí eile rochtain FBManna ar mhaoiniú a éascú, e.g. an tSaoráid Chothromais Cosanta, atá i bhfeidhm cheana féin, agus an Ciste chun Dlús a chur le Claochlú Slabhraí Soláthair an Cosanta, a mholtar faoin togra le haghaidh rialachán maidir leis an gClár um an Tionscal Cosanta Eorpach. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar an Coimisinéir um an gCosaint agus um an Spás, leanfaidh FBManna de bheith ina bpríomhphointe airde ar fud na gclár tionsclaíoch um chosaint uile de chuid an Aontais a thacaíonn le Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí agus go leanfaimid de bhealaí agus modhanna nua a fhiosrú chun tacú leo, ag díriú go háirithe ar an simpliú.

Bheinn réidh le hoibriú go dian le comhreachtóirí chun a áirithiú go ndéanfaidh siad an togra rialacháin is déanaí uainn, is é sin togra chun an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach a bhunú, a ghlacadh go pras. Tá roinnt beart i gceist leis an gclár arb é is aidhm dóibh na spriocanna uaillmhianacha a leagtar amach i Straitéis Thionsclaíoch um an gCosaint Eorpach a chur i bhfeidhm agus soláthraítear leis tacaíocht airgeadais chun feabhas a chur ar iomaíochas Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí, le buiséad beartaithe EUR 1.5 billiún.

Cuirfidh an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach dreasachtaí agus creataí nua ar fáil chun comhiomlánú an éilimh ar tháirgí ó Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí a spreagadh agus a éascú agus chun tuilleadh infheistíochta a dhéanamh chun borradh a chur faoinár dtionscal cosanta. Go sonrach, maidir leis an tacaíocht d'iomaíochas Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí, tabharfaidh an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach tacaíocht airgeadais do leathnú acmhainneachtaí táirgeachta na hEorpa le haghaidh táirgí cosanta ábhartha, rud a áiritheoidh go mbeidh siad ar fáil ó thaobh ama agus scála de do na Ballstáit, tríd an loighic idirghabhála a tástáladh faoin Rialachán maidir le Tacú le Táirgeadh Armlóin a leathnú. Ina theannta sin, tabharfaidh an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach bearta isteach freisin chun táirgí cosanta na hEorpa a dhéanamh níos tarraingtí le ceannach. Mhol an Coimisiún go gcruthófaí an Sásra Eorpach um Dhíolacháin Mhíleata, arb é is aidhm dó infhaighteacht threalamh an Aontais a spreagadh agus fáil an trealaimh sin a éascú. Is éard atá i gceist leis an Sásra sin catalóg trealaimh arna táirgeadh ag Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí a fhorbairt agus Stóir Ullmhachta Tionsclaíocha Eorpacha a bhunú chun infhaighteacht na dtáirgí a mhéadú agus chun dlús a chur leis an aga seachadta.

Tá iomaíochas agus tarraingteacht Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí ag brath freisin ar a acmhainneacht nuálaíochta**,** rud nach mór a chothú trí infheistíochtaí leordhóthanacha. I ndáil leis an méid sin, d'fhéadfadh teicneolaíochtaí digiteacha feabhas a chur ar chosaint na hEorpa i raon réimsí, ón gcibearshlándáil go hardoibríochtaí míleata. Tugtar aghaidh cheana féin ar phríomhfheidhmeanna na dteicneolaíochtaí digiteacha laistigh den Chiste Eorpach Cosanta. Mar sin féin, ní mór tuilleadh a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfidh Bonn

Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí réitigh úrscothacha ar fáil dár bhfórsaí armtha, agus sin an fáth a mbeadh sé i gceist agam infheistíochtaí an Aontais a chothú sa nuálaíocht i réimse na cosanta.

Mar sin féin, ní féidir aon ullmhacht cosanta ná aon mhargadh aonair rathúil ná Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí a bheith ann gan infheistíocht leordhóthanach. Dá bhrí sin, is é an dara cuspóir a bheadh agam tacaíocht a thabhairt ar gach bealach is féidir agus méadú mór a dhéanamh ar an leibhéal infheistíochta i dtionscal cosanta na hEorpa. Tá gá le tuilleadh infheistíochta ó na Ballstáit chun breith suas leis an mbearna infheistíochta i réimse na cosanta atá ann faoi láthair, bearna os cionn EUR 400 billiún, mar ábhar práinne, sa deacáid amach romhainn. Tá níos mó infheistíochta de dhíth orainn, ach infheistíocht níos fearr freisin, a dhéantar i gcomhar agus a théann chun tairbhe Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí chun an éifeacht scála is gá a chruthú.

Dá bhrí sin, ba chóir dúinn níos mó a chaitheamh ar bhealach níos fearr le chéile. I bhfianaise na ndúshlán slándála atá roimh an Eoraip, táim muiníneach go dtacóidh na Ballstáit agus Parlaimint na hEorpa leis an gcur chuige sin.

Ba cheart go n-oibreodh tacaíocht an Aontais ar threoirphlean an Chláir um an Tionscal Cosanta Eorpach agus go gcuimseodh sí ár loighicí idirghabhála go léir chun tacú le hiomaíochas Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí, i.e. tacaíocht do thaighde agus forbairt chomhoibríoch, infheistíocht tháirgiúil agus soláthar comhoibríoch.

Teastaíonn caiteachas níos comhoibríche agus níos comhsheasmhaí uainn. Chuige sin, bheinn tiomanta i gcónaí na Ballstáit a spreagadh chun leas iomlán a bhaint as na tionscnaimh agus na creataí atá ann cheana ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear iad siúd a fhorbraítear agus a bhainistítear laistigh den Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC). Mar shampla, tá sé i gceist leis an Athbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint, leis an mBuanchomhar Struchtúrtha, chomh maith leis an bPlean Forbraíochta Cumais comhar na mBallstát i réimse na Cosanta a threorú agus a éascú. Táim deimhin de go mbeidh dlúth-idirghníomhaíocht idir ranna an Choimisiúin, GEC, agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí ríthábhachtach, chun cur chuige comhsheasmhach a áirithiú i gcónaí idir tionscnaimh chosanta uile an Aontais.

Ní féidir le Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí atá níos bisiúla rannchuidiú go fóinteach le hullmhacht cosanta, áfach, ach amháin má tá sé athléimneach i gcoinne na dteagmhas is measa. Ní féidir aon fheidhm a bheith ag tionscal cosanta má scoireann sé de bheith ag freastal ar na Ballstáit nuair is mó a theastaíonn sé uathu. Dá bhrí sin, is é an tríú cuspóir a bheadh agam athléimneacht fhoriomlán Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí a threisiú go mór. Tugtar le tuiscint leis sin feabhas a chur ar rochtain mharthanach cuideachtaí cosanta Eorpacha ar amhábhair, chomhpháirteanna agus theicneolaíochtaí criticiúla; rialachas láidir ar an margadh aonair a bhunú; agus aon srian ar úsáid táirgí cosanta a chosc. Maidir leis an dara ceann, tá sé tábhachtach a chur i bhfios go láidir go bhfuil an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach ceaptha chun tacú le tionscadail fhadtéarmacha struchtúraithe sa bhreis ar na gníomhaíochtaí éigeandála. Dá bhrí sin, creidim gurb é an tacar coinníollacha incháilitheachta, atá bunaithe ar threoirphlean an Chiste Eorpaigh Cosanta, an tacar ceart chun feabhas a chur ar ár n-ullmhacht cosanta agus ar a héifeachtacht.

I mo cháil mar Choimisinéir um an gCosaint agus um an Spás, d'oibreoinn le comhreachtóirí chun bearta an Chláir um an Tionscal Cosanta Eorpach a chur chun feidhme, lena n-áirítear an córas maidir le Slándáil Soláthair. Leis an gcóras sin, cosnófar na Ballstáit agus cuideofar leis an tionscal rochtain a fháil ar na hacmhainní is gá le haghaidh táirgeadh cosanta. Beidh tacaíocht Pharlaimint na hEorpa ríthábhachtach chun an córas sin a chur chun feidhme, rud a chuideoidh le suaitheadh sa slabhra soláthair a bhainistiú trí chreat solúbtha bainistithe géarchéime.

Mar sin féin, ní féidir aon cheann de na cuspóirí thuas a bhaint amach gan an ceathrú cuspóir buan trasearnála a bheadh agam: meon dáiríre dlúthpháirtíochta agus comhair Eorpaigh a chothú in aon ní a dhéanaimid i ndáil le cosaint ar leibhéal an Aontais. Ciallóidh sé sin go mbeidh an comhar ina ghnáthchleachtas i measc na mBallstát i ndáil le hinfheistíocht i réimse na cosanta, ach chomh maith leis sin gur fíorchuspóir cuimsitheachta a bheidh ann freisin trí shlabhraí soláthair a Eorpú nuair is féidir.

Ar deireadh, ní mór do phrionsabal dlúthpháirtíochta den sórt sin an léiriú is soiléire agus is láidre a fháil sa tacaíocht bhuanseasmhach atá dlite dúinn agus ní mór dúinn leanúint de bheith ag tairiscint don Úcráin. Agus is é sin a bheadh sa chúigiú cuspóir uaim agus d'fhéadfadh sé a bheith ar an gcuspóir is láidre: ár n-iarrachtaí agus ár bhfuinneamh uile a shlógadh chun cabhrú leis an Úcráin an cogadh a bhuachan. Chuige sin, tosaíocht ghearrthéarmach is ea dlús a chur leis an gcúnamh chun borradh a chur faoi chumais thionscal cosanta na hÚcráine. Bainfear é sin amach trí chomhtháthú na hÚcráine agus thionscail chosanta agus spáis an Aontais agus trí rochtain a thabhairt don Úcráin ar ionstraimí tacaíochta eile de chuid an Aontais a bhuí leis an gClár um an Tionscal Cosanta

Eorpach, agus trí chomhar tionsclaíoch a chothú maidir le cúrsaí spáis. Tá sé d'aidhm ag an gClár um an Tionscal Cosanta Eorpach freisin tacú le hatógáil, téarnamh agus nuachóiriú thionscal cosanta na hÚcráine, cé nach bhfuil leithdháileadh buiséid ann faoi láthair.

Dá bhrí sin, d'oibreoinn i gcomhar leis an bParlaimint agus leis na Ballstáit chun a áirithiú go dtiocfaimid ar réiteach indéanta chun an Ionstraim Tacaíochta don Úcráin a mholtar faoin gClár um an Tionscal Cosanta Eorpach a chistiú go leordhóthanach. I bhfianaise na seasamh a ghlac d'institiúid roimhe seo, tuigim go mbreithneofá go dearfach leis an sprioc sin a bhaint amach dá n-aontódh an Chomhairle leis sin agus tráth an aontaithe sin.

Neartóidh an cur chuige cuimsitheach sin cumais chosanta láithreacha na hÚcráine ach, chomh maith leis sin, leagfaidh sé an bhunchloch do chomhtháthú fadtéarmach agus do nuachóiriú a tionscail cosanta agus spáis laistigh den chreat Eorpach.

*8. Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat go nithiúil uathriail straitéiseach an Aontais in earnáil an spáis a áirithiú agus ról an Aontais mar ghníomhaí domhanda a chur chun cinn? Cad iad na bearta a dhéanfaidh tú chun tionscal spáis Eorpach iomaíoch a fhorbairt tuilleadh? Conas a chinnteoidh tú go dtabharfaidh earnáil spáis an Aontais aghaidh ar éileamh intíre an Aontais maidir le teicneolaíochtaí spáis? Conas a áiritheoidh tú go ndéanfar FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga a chomhtháthú i slabhraí soláthair? Conas a mhíneofá na forbairtí tionsclaíocha éagsúla idir AE, na Stáit Aontaithe agus tíortha eile san earnáil? Cén fhís atá agatsa do thodhchaí Dhlí Spáis an Aontais Eorpaigh? Cad iad na bearta ba cheart a bheith san áireamh agus cathain a chuirfear i láthair iad? Conas a thabharfaidh tú aghaidh ar an tsaincheist leanúnach maidir le rochtain ar an spás agus cén t-ábhar a bheidh i mbeartas lainseálaithe spáis an Aontais, lena n-áirítear cumais lainseála mhalartacha? Conas a rachaidh tú i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le húsáid inbhuanaithe an spáis?*

Is cumhacht spáis dhomhanda é an tAontas, agus is ceannródaí domhanda é maidir le Faire na Cruinne a bhuí lenár gclár suaitheanta Copernicus, chomh maith le loingseoireacht satailíte trí Galileo. Táimid tiomanta leanúint de bheith mar ghníomhaí spáis domhanda láidir.

An tráth céanna, le blianta beaga anuas, chaill an tAontas a sheasamh ceannasach ar an margadh, mhéadaigh sé a spleáchais i roinnt réimsí spáis, agus bíonn tionscal spáis an Aontais ag streachailt a bheith iomaíoch i gcónaí. Is iad na Stáit Aontaithe an gníomhaí spáis domhanda is mó, agus baineann siad tairbhe as straitéis náisiúnta an-chomhtháite agus éiceachóras láidir infheistíochta. I bhfigiúirí, infheistíonn na Stáit Aontaithe 5 huaire níos mó ná an tAontas, agus is gearr go mbeidh an tSín dhá oiread níos mó ná buiséad spáis an Aontais. Fágann sé sin go bhfuil bearna shubstaintiúil infheistíochta ann don Aontas.

Sa chomhthéacs sin, creidim go bhfuil trí phríomhghné de dhíth orainn chun tionscal spáis an Aontais atá láidir agus nuálach a chothú. Ar an gcéad dul síos, ba cheart don Aontas leas a bhaint as an éileamh institiúideach Eorpach chun fás na hearnála a spreagadh agus chun ligean do thionscail agus do FBManna slabhraí soláthair iontaofa athléimneacha an Aontais a mhéadú agus a chothú. Ar an dara dul síos, ní mór don Aontas infheistíochtaí an Aontais i dtaighde agus i bhforbairt sa spás a ailíniú leis an leibhéal uaillmhéine is gá agus éifeachtúlacht na n-infheistíochtaí sin a mhéadú. Ar an tríú dul síos, ba cheart don Aontas leas a bhaint as sineirgí idir an spás agus an chosaint trí chláir spáis shibhialta agus chosanta chomhoiriúnacha a chothú.

Ní mór don Aontas a rochtain uathrialach ar an spás a threisiú trí réitigh seirbhíse lainseála a éagsúlú, trí iomaíocht mhéadaithe, agus trí thairiscint láidir seirbhíse lainseála a fhorbairt, lena n-áirítear seirbhísí le haghaidh riachtanais chosanta.

Ar an gcéad dul síos, ní mór dúinn éileamh lainseálaithe institiúideacha Eorpacha ón Aontas, ón nGníomhaireacht Eorpach Spáis agus ó na Ballstáit a chomhiomlánú. Ní mór dúinn éileamh intíre níos mó a chruthú chun tacú le réitigh seirbhíse lainseála an Aontais, ag tosú le hardán digiteach chun faisnéis a chomhroinnt, chun tacú le comhiomlánú éilimh agus soláthar comhpháirteach. Ar an dara dul síos, ní mór dúinn tacú le réitigh nua lainseála a fhorbairt trí scéimeanna nua soláthair agus nuálaíocht cheannródaíoch a chothú. Ar an tríú dul síos, ní mór dúinn tacú le bonneagar criticiúil an Aontais, go háirithe saoráidí tástála agus lainseála.

In éineacht le corparáidí móra, tá ról tábhachtach ag fiontair bheaga agus mheánmhéide i ngeilleagar an spáis. Sa lá atá inniu ann, cuireann thart ar 400-500 FBM le slabhra soláthair an spáis Eorpaigh. Feicimid freisin go bhforbraíonn níos mó agus níos mó gnólachtaí nuathionscanta 'Spás Nua' teicneolaíochtaí ceannródaíocha, samhlacha gnó nua agus réitigh níos costéifeachtaí. Creidim go láidir gur gá dúinn leas iomlán a bhaint as

acmhainneacht nuálach na ngnólachtaí nuathionscanta agus na FBManna sin. Ní mór dóibh a bheith in ann iad féin a mhéadú, a fhás agus a bhunú mar sholáthraithe inchreidte. Ba cheart dúinn ár rialacha agus ár bpróisis soláthair a choigeartú a thuilleadh chun iad a dhéanamh níos tapúla, níos solúbtha agus níos neamhdhíobhálaí le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus FBManna. Is eochair thábhachtach freisin níos mó rioscaí a ghlacadh.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, is mian liom cur le tionscnamh CASSINI a thacaíonn le hacmhainneacht nuálach chuideachtaí Eorpacha 'Spás Nua'. Ní mór dúinn feabhas a chur ar rochtain ar sholáthar le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna ar fud Chlár Spáis an Aontais, bearta a dhéanamh chun saoráid soláthair níos solúbtha a bheith ann, agus feabhas a chur ar rochtain ar chaipiteal fáis a thacaíonn le gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus le gnólachtaí atá ag méadú san Aontas.

Dlí Spáis an Aontais Eorpaigh a bheidh ann amach anseo, beidh sé ríthábhachtach chun an cur chuige sin a chomhdhlúthú, tríd an margadh aonair don spás a chruthú agus iomaíochas thionscal spáis an Aontais a chothú. Ba cheart ceanglais cheangailteacha a bheith i gceist leis maidir le sábháilteacht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht le haghaidh oibríochtaí spáis, lena gcumhdaítear satailítí agus lainseálaithe araon, chomh maith le bearta fóinteacha a thabhairt isteach chun forbairt margaí nua a chothú, mar shampla le haghaidh oibríochtaí agus seirbhísí sa spás nó cibearshlándáil le haghaidh an spáis.

Ba cheart na hiarrachtaí sin a threisiú le for-rochtain ghníomhach an Aontais, bíodh sin go déthaobhach le comhpháirtithe straitéiseacha, nó i gcomhthéacs iltaobhach, lena n-áirítear na Náisiúin Aontaithe, agus é mar chuspóir caighdeáin, luachanna agus tosaíochtaí an Aontais a chur chun cinn ar fud an domhain.

Mar achoimre, is é mo thuairim, chun ár seasamh mar chumhacht dhomhanda spáis a chomhdhlúthú, ár saoirse gníomhaíochta sa spás a chaomhnú, agus ár neamhspleáchas straitéiseach a áirithiú, go bhfuil na cumais straitéiseacha seo a leanas de dhíth ar an Aontas: (1) úsáid an spáis ar domhan – rud a bhainistímid lenár gcláir shuaitheanta spáis Galileo, Copernicus agus, go luath amach anseo, IRIS²; (2) rochtain ar spás - rochtain a neartóimid; (3) monatóireacht a dhéanamh ar an spás - monatóireacht a leathnóimid; agus (4) gníomhaíocht sa spás - gníomhaíocht a gcuirfidh muid dlús leis.

Ceist ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht

*9. De réir na litreach misin comhfhreagraí, chuir an tUachtarán von der Leyen de chúram ar an gCoimisinéir Iompair a bheidh ann amach anseo na conairí bonneagair iompair dé-úsáide a neartú tuilleadh ar fud an Ghréasáin Thras-Eorpaigh, chomh maith le hoibriú leis na Ballstáit chun an tsoghluaisteacht mhíleata a neartú. Luaitear na tosaíochtaí sin freisin sa litir mhisin don Choimisinéir um Chosaint agus Spás a bheidh ann amach anseo. Cad iad na gníomhaíochtaí atá beartaithe agat, ag obair i gcomhar leis an gCoimisinéir Iompair a bheidh ann amach anseo, chun na cuspóirí sin a bhaint amach, i bhfianaise na ndúshlán geopholaitiúil atá roimh an Aontas faoi láthair? Conas a thacófá le dé-úsáid an bhonneagair iompair trí thaighde agus forbairt, lena n-áirítear trí chomhghnóthais agus trí chomhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha?*

Ar an gcéad dul síos, ba mhaith liom béim a leagan ar a thábhachtaí atá an tSoghluaisteacht Mhíleata sa chomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair leis an gcogadh ar ár dteorainneacha. Aontaíonn d'institiúid, a mhol go gcuirfeadh na Ballstáit riachtanais soghluaisteachta míleata san áireamh agus bonneagar ar an ngréasán Tras-Eorpach Iompair á thógáil nó á uasghrádú acu, leis an dearcadh sin.

Chun bheith in ann freagairt ar ghéarchéimeanna agus chun cur le hullmhacht an Aontais, lena n-áirítear chun tacú leis an Úcráin le cabhair mhíleata ach chun staid díspeagtha a choinneáil ar bun freisin, ní mór do na Ballstáit a bheith in ann a bhfórsaí armtha agus a dtrealamh a bhogadh go tapa agus ar scála. I mo thuairimse, ní mór dúinn díriú ar thrí phríomhghné: bonneagar dé-úsáide, gnéithe rialála agus athléimneacht.

Cé go bhfuil dul chun cinn substaintiúil déanta cheana féin laistigh den Aontas, creidim gur gá dúinn dlús a chur lenár ngníomhaíochtaí. Rinne an tAontas EUR 1.79 billiún a infheistiú cheana féin i mbonneagar dé-úsáide iompair. Leis na tionscadail seo, tugtar le chéile muid chun conairí soghluaisteachta míleata a fhorbairt feadh ghréasán tras-Eorpach iompair san Eoraip. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir um an gCosaint agus um an Spás, d'oibreoinn, ar an ábhar sin, i gcomhar leis an gCoimisinéir um Iompar Inbhuanaithe agus um Thurasóireacht chun a áirithiú go rachaidh iarrachtaí chun buiséad leordhóthanach a shlógadh d'infheistíochtaí a bhaineann le cosaint sa chéad CAI eile chun tairbhe do bhonneagar soghluaisteachta míleata freisin.

Ba cheart dúinn ceachtanna a fhoghlaim ón Úcráin agus bonneagar soghluaisteachta míleata a leathnú chun gach gné lóistíochta a chumhdach, lena n-áirítear moil lóistíochta, breosla, páirteanna spártha, acmhainneacht deisiúcháin agus armlón. Braitheann ullmhacht cosanta an Aontais ar infhaighteacht na n-acmhainní sin feadh conairí, rud a fhágann gur féidir oibríochtaí tapa éifeachtacha a dhéanamh. Is céim dhearfach sa treo sin an nuashonrú a rinneadh le déanaí chun bonneagar breosla a chur san áireamh.

Tacaíonn taighde agus forbairt arna maoiniú ag an Aontas le bonneagar soghluaisteachta míleata a fhorbairt cheana féin. Tá trí thionscadal ar bun ag an gCiste Eorpach Cosanta faoi láthair, lena n-áirítear tionscadal chun córas digiteach a fhorbairt le haghaidh malartú slán faisnéise soghluaisteachta míleata (EUR 9 milliún) agus staidéir ar ardán láidir aerárthaí agus ar chumas straitéiseach aeraistrithe na hEorpa amach anseo (EUR 20 milliún).

D'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag taighde agus forbairt freisin chun athléimneacht agus slándáil an bhonneagair mhíleata a áirithiú. Feictear dom freisin go bhféadfadh ról níos láidre a bheith ag an gCiste Eorpach Cosanta maidir le réitigh a fhorbairt i bhforbairt agus i gcosaint an bhonneagair soghluaisteachta míleata.

Mar sin féin, ní chinnteoidh bonneagar, agus bonneagar amháin, gluaiseacht thapa gan bhac d'fhórsaí míleata ar fud na hEorpa agus lasmuigh di. Tá cúinsí agus íogaireachtaí rialála, dlíthiúla, slándála agus polaitiúla ag cur moill ar an luas ag a bhforbraíonn an Eoraip a soghluaisteacht mhíleata.

Tá sé ríthábhachtach infheistíocht inbhuanaithe a dhéanamh i mbonneagar agus lóistíocht dé-úsáide ilmhódach trasteorann. Creidim go bhfuil sé in am bearta a athrú chun bacainní a bhaint agus an tsoghluaisteacht mhíleata a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad leibhéal eile – tá sé in am réitigh mhisniúla a fháil de réir mar a mhéadaíonn bagairtí ar ár dteorainneacha. Ba cheart an tSoghluaisteacht Mhíleata a chlaochlú ina hacmhainn chuimsitheach lóistíochta míleata mar ghníomhaíocht chriticiúil ghearrthéarmach agus mheántéarmach. Má dheimhníonn Parlaimint na hEorpa m'ainmniúchán, oibreoidh mé i dtreo na spriocanna sin, go háirithe maidir leis na conairí soghluaisteachta a fhorbairt agus deireadh a chur leis na scrogaill rialála sa réimse sin.

Ar deireadh, thacóinn freisin leis an gCoimisinéir um Iompar Inbhuanaithe agus um Thurasóireacht chun an Plean Gníomhaíochta um Shoghluaisteacht Mhíleata a chur i gcrích, plean lena dtreiseofaí tacaíocht le haghaidh tionscadail soghluaisteachta míleata agus conairí tosaíochta soghluaisteachta míleata a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo.

Ceist ón bhFochoiste um Shlándáil agus um Chosaint

*10. Cuireadh i dtábhacht i dTuarascáil Draghi, i measc nithe eile, an gá atá le hinfheistíocht a dhéanamh i gcosaint na hEorpa. Agus tú i do chéad Choimisinéir um Chosaint agus Spás, beidh sé de chúram ort a áirithiú go léireofar an chosaint i dtosaíochtaí na mbuiséad bliantúil reatha agus sa chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) eile a dhéanfar a chaibidliú agus a ghlacadh le linn an reachtais reatha. Conas a áiritheoidh tú go mbeidh cosaint ina fíorthosaíocht sa phróiseas seo agus go háirithe go ndéanfar EDF, EDIP, agus gach togra comharba in SEÁT, a mhaoiniú go leordhóthanach sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma, lena n-áirítear do thuairimí maidir le bealaí eile a fhiosrú chun cosaint a mhaoiniú amhail acmhainní dílse, tograí atá tiomnaithe chun tacú le giaráil infheistíochtaí príobháideacha, mar shampla athchóiriú ar reachtanna an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, úsáid sócmhainní reoite Rúiseacha agus Eorabhannaí?*

Leagtar béim i dtuarascáil Draghi ar mheascán de laigí struchtúracha a dhéanann difear d'iomaíochas Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí. Chomh maith le dúshláin eile, sainaithnítear sa tuarascáil nach leor caiteachas cosanta poiblí (i.e. tá caiteachas cosanta comhcheangailte 27 mBallstát an Aontais thart ar aon trian de chaiteachas na Stát Aontaithe faoi láthair, agus tá an caiteachas ag méadú go tapa sa tSín), agus rochtain theoranta ar mhaoiniú. Maidir leis an méid sin, cé gur chuir an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) dlús mór le déanaí lena thacaíocht do theicneolaíochtaí dé-úsáide agus do FBManna sa tionscal slándála agus cosanta, eisiatar fós lena bheartas iasachtaithe armlón agus airm a mhaoiniú, chomh maith le trealamh nó bonneagar atá tiomnaithe go heisiach lena n-úsáid ag an arm nó ag na póilíní.

Maidir le maoiniú poiblí agus infheistíocht phoiblí, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir um an gCosaint agus um an Spás, d'oibreoinn chun a áirithiú go mbainfí an úsáid is éifeachtúla as na hacmhainní atá ar fáil i mbuiséad an Aontais. Tugtar le tuiscint leis sin – ar an gcéad dul síos – cinneadh a dhéanamh maidir leis na réimsí tosaíochta le haghaidh caiteachas cosanta agus – ar an dara dul síos – plé a dhéanamh ar cé acu na tosaíochtaí sin a bhfuil gá le comhchistiú ar leibhéal an Aontais lena mbaint amach i gcreat níos giorra agus ar chostas foriomlán níos ísle.

Sa Pháipéar Bán maidir le Todhchaí Chosaint na hEorpa, a bhfuil sé de chúram orm é a chur i láthair in éineacht leis an Ardionadaí do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála sa chéad 100 lá den sainordú, sainaithneofar riachtanais infheistíochta, agus réiteofar an tAontas agus na Ballstáit do na teagmhais mhíleata is measa.

Maidir leis an gceist i dtaca leis an gcaoi na riachtanais sin a mhaoiniú faoi bhuiséad reatha an Aontais, tá sé tábhachtach a mheabhrú go gcuirfí EUR 1.5 billiún ar fáil dá nglacfaí an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach go pras, go háirithe chun cur le hullmhacht thionsclaíoch cosanta an Aontais. Ní mór teacht ar réiteach fós chun an Ionstraim Tacaíochta don Úcráin a chistiú go leordhóthanach laistigh den Chiste um an Tionscal Cosanta Eorpach.

Thairis sin, mar Choimisinéir um an gCosaint agus um an Spás, d'áiritheoinn freisin go gcuirfí chun feidhme go pras an Gníomh um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar Comhoibríoch agus an Gníomh chun Tacú le Táirgeadh Armlóin.

Ina theannta sin, chun ár n-ullmhacht cosanta a neartú, ní mór dúinn an cultúr sin a phríomhshruthú i mbeartais an Aontais agus aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist maidir le rochtain ar mhaoiniú. Tá dúshláin ag baint le roghanna maoinithe: ceanglaítear leo ranníocaíochtaí náisiúnta breise le buiséad an Aontais, nó comhaontú maidir le hacmhainní dílse nua de chuid an Aontais. Chiallódh clár iasachtaíochta tiomnaithe nua le haghaidh infheistíochtaí cosanta ranníocaíochtaí náisiúnta breise nó acmhainní dílse nua chun na costais aisíocaíochta a chumhdach amach anseo.

I bhfianaise na srianta sin, tá sé ríthábhachtach infheistíochtaí príobháideacha i réimse na cosanta a dhreasú chun tionscadail choiteanna cosanta agus nuálaíocht cosanta a mhaoiniú agus chun an riosca a bhaint díobh. Mar a leagtar amach sa litir mhisin a cuireadh chugam, beidh dianobair le BEI, le hinstitiúidí airgeadais eile agus le bainc phríobháideacha ríthábhachtach chun an sprioc sin a bhaint amach.

Rachadh athrú ar bheartas iasachtaithe BEI, chomh maith le cur chuige níos mó maidir le dul i riosca chun tacú leis an domhainteicneolaíocht amhail an spás, chun tairbhe go mór do thionscal cosanta na hEorpa. Leis sin, scaoilfí cistí agus sheolfaí comhartha a bhfuil géarghá leis chuig an gcuid eile den mhargadh.

Moltar sa Straitéis thionsclaíoch um an gcosaint Eorpach gníomhaíochtaí praiticiúla chun na bacainní atá ann cheana a shárú, lena n-áirítear treoir a chur ar fáil maidir le creat airgeadais inbhuanaithe an Aontais a chur i bhfeidhm ar an gcosaint agus idirphlé ardleibhéil a bhunú leis an earnáil airgeadais. Tá sé i gceist agam oibriú chun aitheantas níos fearr a thabhairt do cheannasacht, athléimneacht agus slándáil an Aontais laistigh den chreat airgeadais inbhuanaithe.

Cuimsítear sa Chlár um an Tionscal Cosanta Eorpach atá beartaithe an Ciste chun Dlús a chur le Claochlú Shlabhra Soláthair na Cosanta, arb é is aidhm dó rochtain ar mhaoiniú a éascú do FBManna agus do chuideachtaí meánchaipitlithe beaga in earnáil na cosanta. Cruthóidh na hiarrachtaí sin, mar aon le habhcóideacht leanúnach do BEI chun eisiaimh a bhaineann le cosaint a theorannú a thuilleadh nó a bhaint óna mbeartais iasachtaithe, timpeallacht níos tacúla d’infheistíochtaí cosanta agus don nuálaíocht ar fud an Aontais.

Agus muid ag féachaint i dtreo na peirspictíochta níos fadtéarmaí, ní mór dúinn borradh nach beag a chur faoin infheistíocht phoiblí agus phríobháideach i dtaighde agus forbairt na cosanta. Is samhail spreagúil Gníomhaireacht um Thionscadail Ardtaighde Cosanta SAM le haghaidh an Aontais. D’fhéadfaimis féachaint ar chur chuige comhchosúil a bhunú ar leibhéal an Aontais, lena ndíreofaí ar thionscadail taighde ardriosca ardluacha a d’fhéadfadh cumais chosanta a athrú ó bhonn. Le tionscnamh den sórt sin, spreagfaí taighde ceannródaíoch i réimsí criticiúla, chothófaí nuálaíochtaí ceannródaíocha, agus d’áiritheofaí ceannasacht theicneolaíoch na hEorpa in earnáil na cosanta. Tríd an gcur chuige sin a ghlacadh, d’fhéadfadh an tAontas dlús a chur le forbairt teicneolaíochtaí bunathraitheacha, an bhearna idir taighde bunúsach agus feidhmeanna míleata a dhúnadh, agus buntáiste iomaíoch a choinneáil ar bun i dtimpeallacht na slándála domhanda atá ag athrú go tapa. Chomhlánódh an iarracht sin na tionscnaimh atá againn cheana agus neartódh sí Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí a thuilleadh.

Ina theannta sin, ba cheart do thionscal cosanta an Aontais ceachtanna a fhoghlaim ón méid atá bainte amach ag tionscal spáis an Aontais, go háirithe i réimsí amhail forbairt chomhpháirteach, teicneolaíochtaí ceannródaíocha, nuálaíocht agus soláthar seirbhísí don Aontas ar fad agus níos faide i gcéin. Trí leas a bhaint as an taithí sin, is féidir linn éachtaí comhchosúla a chothú inár n-earnáil cosanta, agus nuálaíocht, comhoibriú agus uathriail straitéiseach á gcur chun cinn againn.

Ar deireadh, tá dearadh an chéad CAI eile agus na hionstraimí a ghabhann leis amach romhainn, agus beidh an chosaint ina príomhthosaíocht againn.

Ní mór dúinn machnamh a dhéanamh ar dtús ar an gceist ‘cad ba mhaith linn a mhaoiniú’ agus ansin ‘conas’ is fearr is féidir linn ár gcuspóirí a chomhlíonadh agus na torthaí is fearr a bhaint amach ar an láthair. Fágfaidh sé sin gur mó an tionchar a bheidh ag an gcistiú a dhéanfaimid.

Má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir um an gCosaint agus um an Spás, beidh mé ag obair go dlúth leis an gCoimisinéir um an mBuiséad agus Comhrac Calaoise agus um an Riarachán Poiblí chun a áirithiú go gcuirfear na gnéithe sin san áireamh agus an chéad togra CAI eile á ullmhú, togra atá le teacht an bhliain seo chugainn.

Is é Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí láidir cloch choirnéil an Aontais Eorpaigh um Chosaint. Ní mór dúinn oibriú le chéile chun beartas tionsclaíoch an Aontais a neartú, borradh a chur faoin tacaíocht d’earnáil na cosanta trí bhéim a chur ar níos mó infheistíochtaí ar bhealach níos fearr agus infheistíochtaí comhpháirteacha.